Foras na Gaeilge

SEOLADH

**63 – 66 SRÁID AMIENS, BAILE ÁTHA CLIATH 1 D01 H275 /**

**TEACH AN GHEATA THIAR, 2-4 SRÁID NA BANRÍONA, BÉAL FEIRSTE BT1 6ED**

Teil: 01 639 8400

Rphost: eohargain@forasnagaeilge.ie

Seoladh gréasáin: www.forasnagaeilge.ie

Dáta: 14 Bealtaine 2019

---

# Aighneacht i leith an Chomhairliúcháin ar an mBeartas maidir le Fiontraíocht Shóisialta

## 4 Bealtaine 2019

## Réamhrá

Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh an deis tuairimí a léiriú ar an **Chomhairliúchán ar an mBeartas maidir le Fiontraíocht Shóisialta**

Cuireann muid fáilte roimh an deis a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán seo agus sna forbairtí atá á mbeartú sa réimse seo. Is mian le Foras na Gaeilge aighneacht ghairid a dhéanamh i leith an chomhairliúcháin seo ar bheartas Rialtais maidir le Fiontraíocht Shóisialta. Leagtar amach sa cháipéis seo tuairimí agus moltaí Fhoras na Gaeilge maidir leis an chomhairliúchán.

Mar thús, is mian linn tréaslú leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail as cáipéis an chomhairliúcháin a chur ar fáil i nGaeilge, agus fáiltímid roimh an tionscnamh seo is ábhar don chomhairliúchán.

## Stair Fhoras na Gaeilge

Bunaíodh Foras na Gaeilge i Mí na Nollag 1999, mar an comhlacht atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann.

Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht Rialtais, Thuaidh agus Theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an Ghaeilge.

## Feidhmeanna Fhoras na Gaeilge:

De réir Chuid 5 den reachtaíocht faoinar bunaíodh Foras na Gaeilge, an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, tá na feidhmeanna seo a leanas ag Foras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;

- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Is de réir na feidhme "**comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach**" is mian le Foras na Gaeilge moltaí a chur i láthair ar an chomhairliúcháin seo ar bheartas Rialtais maidir le Fiontraíocht Shóisialta.

## Aighneacht i leith an Chomhairliúcháin ar an mBeartas maidir le Fiontraíocht Shóisialta

Ba mhór ag Foras na Gaeilge an deis a bheith againn a bheith curtha san áireamh feasta mar chomhpháirtí ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus sibh ag forbairt bhur mbeartais i leith fiontraíocht shóisialta in Éirinn. Ba mhór againn an deis seo ar roinnt cúiseanna a bhfuil cur síos déanta orthu thíos.

### Pleanáil Teanga sa phobal

1. Mar chuid den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus Acht na Gaeltachta (2012), beidh an-bhéim ar fhorbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail, agus roimh dheireadh 2020 beidh Coistí Pobail ag cur i bhfeidhm pleananna teanga dá bpobail:
   - in 26 Limistéar Pleanála Teanga;
   - 16 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta; agus
   - idir 3 agus 6 cinn de Líonraí Gaeilge (pobail lasmuigh den Ghaeltacht a mbeidh an Ghaeilge á forbairt iontu mar theanga phobail).

   Beidh deis, leis na coistí pobail seo, bonn láidir san fhiontraíocht shóisialta a bhunú sna 40+ pobail seo ar fud na tíre, agus sin a nascadh leis an phleanáil pobail don Ghaeilge.

2. Beidh seirbhísí le forbairt mar chuid de na pleananna teanga sna ceantair seo thuasluaite a bheidh an-oiriúnach do choincheap an fhiontair shóisialta, agus a bheidh riachtanach do chur i gcrích an phlean teanga, mar shampla, fiontar sóisialta cúraim leanaí; fiontair iar-scoile; ionaid agus cultúrlanna teanga; amharclanna, etc.

   Lena chois sin, mar chuid de na pleananna teanga, beidh iarracht le déanamh an ghné eacnamaíoch den Ghaeilge a fhorbairt ag leibhéal an phobail. Chuige

sin, beidh tionscadail bheaga ghnó a mbunú, a thabharfaidh teacht isteach rialta don choiste le hinfheistiú ina gcuid oibre, agus a chuirfidh fostaíocht ar fáil trí Ghaeilge (siopaí earraí cultúrtha, teanga, oidhreachta agus ealaíne, siopaí leabhar, caiféanna, etc.).

3. Sna 26 Limistéar Pleanála Teanga sna ceantair Ghaeltachta, agus i gcuid de na líonraí, beidh béim á cur ar an turasóireacht chultúrtha, agus ar thionscadail a bheidh ceangailte leis sin, a bheidh an-oiriúnach d'fhiontair shóisialta. Mar shampla cuireann an coiste pobail atá ag stiúradh an phlean teanga do Líonra Teanga Cheantar Chluain Dolcáin, turais treoraithe i nGaeilge ar fáil ar Chloigtheach Chluain Dolcáin mar chuid de sholáthar an ionaid oidhreachta.

### Scéimeanna Maoinithe Fhoras na Gaeilge

4. I láthair na huaire, tá mórán de na scéimeanna maoinithe atá ag Foras na Gaeilge (Scéim campaí samhraidh; scéim imeachtaí óige; scéim féilte; scéim compántais drámaíocht; scéim bunaithe naíonraí agus cúraim leanaí) dírithe ar choistí pobail, ar gá dóibh bunreacht coiste pobail a bheith acu, le bheith cáilithe le hiarratas a dhéanamh ar ár gcuid scéimeanna. Lena chois sin, tá an Scéim Pobal Gaeilge ar an scéim is mó infheistíocht atá ag Foras na Gaeilge, agus 22 oifigeach forbartha fostaithe ag coistí pobail ar fud na tíre fúithi.

   Caitear tuairim ar €1m sa bhliain ar Scéim Pobal Gaeilge. Dar linn, tá deis ann, le comhpháirtíocht leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an fhiontraíocht shóisialta a chur chun cinn trínár gcuid scéimeanna, ar láimh amháin, ar bhealach a chuirfidh go mór le forbairt na Gaeilge sna pobail, agus ar an láimh eile, ar bhealach a thacódh le mianta an Rialtais i leith na fiontraíochta sóisialta sa tír.

### Dea-chleachtas a roinnt

5. Mar fhoras thuaidh theas, le cois a bheith ag plé le le coistí pobail ar roinnt samplaí de dhea-chleachtas sa réimse seo ó dheas, tá Foras na Gaeilge ag plé le coistí pobail ó thuaidh fosta, a d'fhéadfadh a bheith mar eiseamláirí dea-chleachtais do choistí pobail ó dheas, go háirithe i réimse na Gaeilge. Mar shampla, tá fiontair shóisialta forbartha thar thréimhse de bhlianta ag pobal tuaithe an Chairn i ndeisceart Dhoire, ag Aonach Mhacha agus Cairde Teo. in Ard Mhacha, agus ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich agus Ionad Uíbh Eachach i mBéal Feirste. (Cé gur tionscnaimh uirbeacha iad an dá cheann dheireanacha seo, is eiseamláirí maithe iad den fhiontraíocht shóisialta).

### Infheistíocht Chaipitil agus Ionaid Ghaeilge

6. Is gné thábhachtach í den Chreat Náisiúnta Pleanála – Éire 2040, *Toradh Náisiúnta Straitéiseach 3, Geilleagair Thuaithe agus Phobail daingnithe* forbairt na Gaeilge agus bonneagar na teanga. Chuige sin, tá ciste infheistíochta caipitil Gaeilge á fhorbairt ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le hinfheistíocht a dhéanamh in ionaid teanga sna ceantair éagsúla phleanála teanga ar fud na tíre. Is coistí pobail a bheidh ag tabhairt faoi na hionaid seo, agus beidh réimse leathan de ghnónna beaga á bhforbairt iontu sna 10 mbliana atá fágtha den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

### Ceanneagraíochtaí Deonacha Gaeilge

7. Cuireann Foras na Gaeilge beagnach €5m sa bhliain ar fáil mar chúnamh taca do 6 Cheanneagraíocht Ghaeilge (Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Gael Linn, Gaeloideachas, Cumann na bhFiann agus Oireachtas na Gaeilge), le tacaíocht a thabhairt do choistí pobail d'fhorbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail. Tá fiontair shóisialta ar bun ag 3 cinn ar a laghad de na Ceanneagraíochtaí seo, agus féidearthachtaí ag baint leis na cinn eile.

   Ar na feidhmeanna atá ag Glór na nGael, mar Cheanneagraíocht, tá forbairt pobail agus forbairt ghné eacnamaíoch na Gaeilge. Nuair a bheidh beartais an Rialtais forbartha sa réimse seo, beidh deis ag Foras na Gaeilge an fhiontraíocht shóisialta a chur chun cinn i measc na gCeanneagraíochtaí, agus deis againn a threorú dóibhsean faoi seach, tabhairt faoi ardú feasachta ina leith ag leibhéal an phobail.

### Comhpháirtíocht

8. Mar chomhpháirtí leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, beidh deis ag Foras na Gaeilge agus ag páirtithe leasmhara atá ag plé le forbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail coincheap na fiontraíochta sóisialta a chur chun cinn sa phobal.

### An Ghaelscolaíocht sa Phobal

9. Tá 145 gaelscoil agus 43 gaelcholáiste sa stát faoi láthair, agus beagnach 46,000 páiste ag freastal orthu. Tá bonn láidir pobail faoi chuid mhaith de na scoileanna sin; is coistí deonacha pobail a bunaigh cuid mhaith acu, agus tá a thionchar sin go fóill ar a mboird bhainistíochta. Beidh deis ag Foras na Gaeilge i gcomhar le Gaeloideachas agus Glór na nGael (Ceanneagraíochtaí a fhaigheann a maoiniú ó Fhoras na Gaeilge) le tacú le hiarrachtaí freastal

d'éileamh ó dhaltaí agus ó mhic léinn maidir le slí bheatha i réimse na fiontraíochta sóisialta agus na nuálaíochta sóisialta.

## Críoch

10. Tacaíonn Foras na Gaeilge go mór le hiarrachtaí an Rialtais forbairt a dhéanamh sa réimse seo, agus ba mhian linn go mór deis a bheith againn bualadh le hoifigigh sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a luaithe agus is féidir leis na féidearthachtaí a bhaineann leis a phlé.